

Foilsíodh an aiste seo sa mhóreagrán aiteach den iris *Comhar* (Meitheamh 2023).

‘Forainmneacha neodracha do Ghaeilge na linne seo’

Tadhg Mac Eoghain

Tá saol aiteach na Gaeilge ag fás go rábach faoi láthair, agus dá bhrí sin bíonn neodracht ó thaobh inscne de ag teacht chun cinn go minic mar ábhar cainte sa phobal. Tá muid ag teacht chun pointe nuair is gá ceist thábhachtach a chur orainn: An bhfreastalaíonn an Ghaeilge ar riachtanais an phobail aitigh mar atá sí nó an mithid dúinn an teanga a mhúnlú de réir na riachtanas sin? Nó fiú, an bhfuil sé de cheart againn an teanga a athrú d’aon turas?

‘Ní féidir an inscne a bhaint den Ghaeilge,’ a chloistear (nó a léitear) go minic, go hiondúil ó dhaoine heitrihnéasacha nach bhfuil aon cheart acu, i mo thuairimse, a ladar a chur isteach sa scéal. Agus caithfidh mé a admháil go bhfuil leath den cheart acu leis an bharúil sin. Tá an inscne fite fuaite i ngramadach na Gaeilge, agus tá sé deacair gach rian den inscne a sheachaint sa teanga (mar atá sí). Ach cuir i gcás go ndéanfaí athrú ar an teanga, ar struchtúr na teanga féin. ‘Ní féidir an teanga a athrú!’ a déarfadh cuid mhór daoine, tá mé cinnte. Agus an freagra atá agamsa orthu: Is féidir agus é!

Ina saothar faoi théarmaíocht na Gaeilge, *Ár dtéarmaí féin*, pléann Fidelma Ní Ghallchobhair roinnt cur chuige chun téarmaí nua a chumadh, gach ceann acu molta ag de Bhaldráithe i gcumarsáid inmheánach an Choiste Téarmaíochta sna 1970í. Bhain de Bhaldráithe leas as a chuid saineolais agus taithí na mblianta chun córas rialaithe a chruthú mar fhoireann uirlisí do cheird na téarmeolaíochta. Agus ceann de na cuir chuige a mhol sé ná téarma nua a chumadh nó focal iasachta a mhúnlú ‘de réir córais nuacheaptha a bheadh bunaithe ar rialacha cinnte, ach nach gá go réiteoidh sé le haon chóras a bhí roimhe seo sa teanga’.

Is léir gur aithin de Bhaldráithe go mbeadh gá le corrathrú a dhéanamh ar an teanga agus fiú úsáid a bhaint as córais nuacheaptha ar uairibh chun an teanga a choinneáil cothrom le dáta. Agus cé sinne chun cur in aghaidh de Bhaldráithe?

Ar an ábhar sin, chinn mé – mar chuid de mo thráchtas máistreacht ag Ollscoil Mhá Nuad – córas nua a chumadh a chuirfeadh forainmneacha neodracha ar fáil i nGaeilge. Bhí dhá sprioc agam: 1.) taispeáint nach bhfuil sé dodhéanta an dénárthacht inscne a bhaint as forainmneacha sa Ghaeilge agus, 2.) córas nuacheaptha a chumadh ar bhonn rialacha cinnte agus é a chur faoi bhráid an phobail aitigh chun díospóireacht a spreagadh.

Castacht chás na Gaeilge

Cumadh raon ollmhór d’fhorainmneacha neodracha i mBéarla thar na blianta (e.g. *ze*, *they* uatha) agus d’éirigh le córas nuacheaptha an fód a sheasamh sa tSualainnis (e.g. *hen*) chomh maith. Fiú i dteanga Rómánsach na Spáinnise, tá réiteach ann in ainneoin

uileláithreacht na hinscne ar fud na teanga (-e in áit an -o fireann agus an -a baineann, agus *elle* mar fhorainm neodrach in áit *él* nó *ella*). Ach i ngach cás acu siúd, níl ach cúpla focal nó iarmhír le hathrú chun córas iomlán neodrachta a chruthú sa teanga.

I nGaeilge, áfach, tá an scéal níos dúshlánaí. Ba mhó i bhfad líon na bhfoirmeacha a bheadh le cumadh chun an tríú pearsa uatha neodrach a chruthú sa teanga. Le cois an tuisil ainmnigh (e.g. sé, sí) agus an chlaontuisil (e.g. é, í) níor mhór foirmeacha treise (e.g. seisean, eisean, sise, ise) agus aidiacht shealbhach a chumadh chomh maith. Ach baineann castacht na Gaeilge le gné amháin thar aon ní eile: forainmneacha réamhfhoclacha (e.g. aige/aici, dó/di, srl.). Sin 16 foirm bhreise – na seacht réamhfocal déag a thugtar sa Chaighdeán Oifigiúil, seachas ‘idir’, nach bhfuil ach foirmeacha iolra aige – agus na foirmeacha treise ina theannta sin. In éineacht leis na cúig fhorainm shimplí, 37 bhfoirm nua a bheadh de dhíth san iomlán. Lena leithéid de phraiseach, ní nach ionadh nár cruthaíodh córas nua don Ghaeilge cheana féin!

Tá dul chun cinn déanta ag ‘siad uatha’ i nGaeilge le blianta anuas, faoi thionchar an Bhéarla, agus is dóigh gurb é sin an réiteach is mó úsáid toisc nach bhfuil aon foirmeacha nua le foghlaim. Ach nár chóir dúinn an Béarlachas a sheachaint? Nach dtiocfadh linn filleadh ar an dúchas agus neodracht na Sean-Ghaeilge a athbheochan?

Moladh umhal: Córas neodrach don Ghaeilge

Spreag mo chuid taighde mé córas forainmneacha neodracha a cheapadh don Ghaeilge, ag tabhairt tús áite do dhúchas na teanga ach gan fanacht amach as nuálaíocht ach oiread. Níl ann ach moladh, áfach, agus níltear ag súil go nglacfar leis mura nglacann daoine áirithe leis dóibh féin. Sin ráite, cuirim an córas seo ar fáil mar chleachtadh chun go bhfeicfí dóigh amháin ar féidir an teanga a mhúnlú de réir coincheapa agus córas nua gan droim láimhe a thabhairt do sheanghnásanna na teanga go hiomlán.

Bhí díomá an domhain orm nuair a d’fhoghlaim mé nach n-oirfeadh forainm neodrach na Sean-Ghaeilge *ed* (‘ea’ sa Ghaeilge nua-aoiseach) do riachtanais ár bpobail urlabhra inniu – níor baineadh úsáid as *ed* ach le haghaidh rudaí neamhbheo sa tSean-Ghaeilge. Tá daoine i gceist anseo, áfach, agus tá forainm measúil dlite acu. Ansin smaoinigh mé ar fhorainm neodrach nua a thosódh le ‘s’ caol, cosúil le ‘sé’, ‘sí’ agus ‘siad’. Toisc go bhfuil na focail ‘seo’ agus ‘sia’ ann cheana féin, ní raibh ach guta amháin fágtha: u/ú. Mar sin, fágadh le ‘siú’ mé mar fhorainm neodrach nua don tríú pearsa. Níl a leithéid d’fhocal ann sa teanga cheana féin, agus is maith liom go bhfuil cosúlacht aige leis an fhorainm thaispeántach ‘siúd’ (ach gan an bhrí a thabhairt go bhfuil an tagrán i bhfad ón chainteoir). Is é ‘iú’ foirm an chlaontuisil agus ‘siúsan/iúsan’ na foirmeacha treise. Cúpla sampla:

Tá siú sa bhaile.

Chonaic mé ansin iú.

Tháinig siúsan abhaile inné.

Iúsan a bhí ansin.

Maidir leis an aidiacht shealbhach, is é is ciallmhaire ná ‘a’ a úsáid, mar is gnách sa tríú pearsa, beag beann ar inscne ná uimhir. Ach ní mór a roghnú cén t-athrú tosaigh a ghabhfadh leis. Tá lorg na hinscne nó na huimhreach ar an tséimhiú, ar an úrú agus ar ainmfhocail nach ndéantar athrú tosaigh orthu i ndiaidh na haidiachta sealbhaí. Ciallaíonn sé sin nach bhfuil réiteach atá go hiomlán neodrach ar fáil. Mar sin, chinn mé aithris a dhéanamh ar cheann de réitigh na Breatnaise agus gan an t-ainmfhocal a infhilleadh ar chor ar bith i ndiaidh na haidiachta sealbhaí neodraí:

Chaill siú a post inné.

Tá siú anseo lena iníon.

Mar sin, tá meascán áirithe i gceist leis an aidiacht shealbhach neodrach – gan athrú tosaigh roimh chonsain, cosúil leis an ‘a’ baininscneach, agus gan athrú tosaigh roimh ghutaí ach oiread, cosúil leis an ‘a’ firinscneach.

Maidir leis na forainmneacha réamhfhoclacha, tá córas nua rialta cumtha agam. Tá ‘-iú’ an fhorainm ‘siú’ mar bhunús ag an iarmhír atá in úsáid sa chóras seo, agus is cuspóir eile leis sin ná go mbeadh sé furasta do dhaoine atá cleachta an ‘siad uatha’ a úsáid mar gheall ar a chosúlacht leis an -u atá ar fáil i roinnt foirmeacha sa tríú pearsa iolra, ar nós ‘acu’, ‘orthu’, ‘uathu’, srl. Ós rud é gur córas rialta a bhí de dhíth, bhí sé riachtanach foirmeacha an tríú pearsa uatha baininscneach agus an tríú pearsa iolra a úsáid mar bhunús, toisc nach mbaineann patrún go hiomlán rialta leis na foirmeacha firinscneacha.

Mar sin, chun foirm neodrach sa tríú pearsa uatha a chruthú, tosaítear le foirm an tríú pearsa iolra agus déantar an (carn) consan deiridh a chaolú trí ‘i’ a chur in aice leis. Má tá guta fada sa chéad siolla, déantar é a ghiorrú. Ansin, déantar an ‘-u’ deiridh a fhadú, nó cuirtear ‘-iú’ ag deireadh an fhorainm réamhfhoclaigh mura gcríochnaíonn an tríú pearsa iolra le ‘-u’. Ná bíodh imní ort, níl sé chomh casta sin:

ag → acu → aiciú

ar → orthu → oirthiú

as → astu → aistiú

do → dóibh → doibhiú

de → díobh → dibhiú

Is é an t-aon réamhfhocal atá beagán mírialta ná ‘le’, toisc go gcríochnaíonn an fhoirm iolra in ‘-o’. Ach chun an fhoirm neodrach a chruthú, ní mór ach an iarmhír ‘-iú’ a chur le ‘-l’:

le → leo → liú

Tá liosta iomlán na réamhfhocal ar fáil thíos. Ansin feicfead go mbaineann na foirmeacha eile go léir leis na rialacha atá leagtha amach thuas. As na foirmeacha nuachumtha uile, is é ‘liú’ an t-aon fhocal a bhfuil a mhacasamhail ann i nGaeilge cheana féin. Ós rud é nach focal thar a bheith coitianta é, áfach, ní chreidim go mbeadh fadhb nó débhríocht ar bith ag baint leis.

Mar is léir, tá foirmiú na bhforainmneacha réamhfhocla neodracha claonta i dtreo na hinscne baininne agus an iolra. Fágfar a lán gnéithe de na foirmeacha firinscneacha ar leataobh, agus mar sin, níl an réiteach seo go hiomlán gan chlaonadh, ach tríd is tríd, is réiteach nuachumtha í a d’fhéadfadh feidhmiú mar chóras forainmneach neodrach do dhaoine neamhdhénártha.

Do rogha forainm

Níl aon chóras foirfe, áfach, agus níl mo chuid moltaí gan locht ach oiread. Níl iontu ach smaointe acadóra amháin. Cuirim an córas neodrach seo faoi bhráid an phobail mar ofráil, ach is faoi gach duine atá sé cinneadh a dhéanamh cén saghas forainm a gcuirfead fáilte rompu. Ina leabhar *What’s your pronoun?*, deir Dennis Baron nach n-éireoidh le focail ar bith nach dtagann as an phobal urlabhra féin, agus de réir na teangeolaíochta tuairisciúla, is iad na nósanna cainte is fearr na cinn atá le cloisteáil i mbéal an phobail – an ‘siad uatha’, sa chás seo. Leis an alt seo ba mhaith liom rogha eile a leagan amach ata saor ó lorg an Bhéarla, ach ag an am chéanna ní féidir liom a mhaíomh go bhfuil mo réiteachsa níos fearr nó níos oiriúnaí don phobal.

Ní chreidim go bhfuil sé ceart tús áite a thabhairt do chaighdeán amháin thar chaighdeán eile maidir le forainmneacha neodracha ar eagla go ndéanfar beag is fiú d’fhéiniúlachtaí áirithe. Dá bhrí sin, níl sé i gceist agam amhras a tharraingt ar úsáid an ‘siad uatha’ i nGaeilge, ach rogha eile a chur ar fáil taobh leis. Tá go leor féiniúlachtaí inscne ann, agus ar an ábhar sin, luíonn sé le réasún go mbeadh rogha córas forainmneacha ann chomh maith. Má cheapann daoine áirithe go n-oireann an córas neodrach seo dá bhféiniúlacht inscne féin agus má ghlacann siad leis, is maith an rud é, ach ní hé sin bunaidhm an mholta seo. Saghas turgnaimh atá ann – táirge na nuálaíochta, seachas an dúchais i ndáiríre.

Is dual do theangacha a bheith ag athrú agus ag forbairt, agus mura bhfuil cead ag lucht labhartha mionteanga a dteanga a mhúnlú de réir an tsaoil mar atá, níl sa teanga ach iarsma neamhbheo. Tá súil agam go dtabharfaidh an moladh seo inspioráid do dhaoine plé le solúbthacht sa teanga, spraoi a bhaint aisti agus laincísí an tsaintreorachais a bhaint díobh. Is maith an rud é má ghlactar leis go pointe ar bith i measc an phobail, ach má spreagann sé réitigh eile a fhreastalaíonn ar an phobal ar bhealach níos éifeachtaí, tá sé sin níos fearr arís.

Forainm atá neodrach ó thaobh inscne de sa tríú pearsa uatha

Tuiseal ainmneach	siú
Tuiseal ainmneach (foirm threise)	siúsan
Claontuiseal	iú
Claontuiseal (foirm threise)	iúsan

Forainmneacha réamhfhoclacha atá neodrach ó thaobh inscne de sa tríú pearsa uatha

ag	aiciú
ar	oirthiú
as	aistiú
chun/chuig	chuiciú
de	dibhiú
do	doibhiú
faoi	fuitiú
fara	fairiú
i	intiú
idir	-
ionsar	ionsoirthiú
le	liú
ó	uaithiú
roimh	roimpiú
thar	thairstiú
trí	trithiú
um	uimpiú